


# Cúrsa Gaeltachta Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí T1 & T2

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Achoimre ar an gCúrsa

Reáchtálfar an cúrsa Gaeltachta seo ar Champas Choláiste Chamuis i Ros a' Mhíl, Co. na Gaillimhe. Cabhróidh an cúrsa le múinteoirí barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna teagaisc trí mheán na Gaeilge, le sraith de cheardlanna praiticiúla i dtimpeallacht lántumtha teanga. Clúdóidh an cúrsa modhanna múinte nua-aimseartha, lena n-áirítear difreáil, cleachtadh aisghabhála, agus úsáid AI, agus cuirfidh na rannpháirtithe go mór lena líofacht teanga féin le linn an chúrsa.

## Cé Muid

Tá Coláiste Chamuis ag cur cúrsaí lántumtha teanga ar fáil i nGaeltacht Chonamara le breis agus 50 bliain. Éiríonn lenár scoláirí líofacht a bhaint amach sa Ghaeilge i dtimpeallacht dhearfach, thacúil. Cuireann muid béim ar úsáid na Gaeilge i saol an lae inniu trí ghníomhaíochtaí taitneamhacha ar nós spóirt, imeachtaí cultúrtha, agus siamsaíocht, in éineacht le ranganna idirghníomhacha ag úsáid na modhanna múinte is éifeachtaí agus is nua-aimseartha.

Úsáidtear an cur chuige céanna, na luachanna agus na heispéiris chéanna inár gcúrsaí san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do mhúinteoirí, i dtimpeallacht dhinimiciúil shaibhir foghlama.

**Nóta:** Tá an cúrsa seo á chur ar fáil i gcomhar le COGG, a chlúdaíonn an chuid eile den chostas.

**Tá costas an mhúinteora ionaid clúdaithe ag COGG, agus beidh riarachán na gcostas á bhainistiú ag Coláiste Chamuis.**



## Ábhair Shainspéise

- Difreáil sa Seomra Ranga
- Meon Dearfach Teanga i measc na Foirne
- Teanga na Scoile
- Úsáid AI i dTeagasc na Gaeilge
- Pobal Gaelach a Chothú
- Múineadh Ábhair Trí Ghaeilge
- Cleachtadh Aisghabhála

## Aiseolas ó rannpháirtithe 2025

Sa suirbhé i ndiaidh an chúrsa, dúirt 100% de na rannpháirtithe go bhfillfidís chun freastal ar chúrsa CPD eile linn.

**"Cúrsa den scoth, an-phraiticiúil agus an-úsáideach – GRMA."**

**"Bhí gach rud thar barr, caithfidh mé a rá."**

**"Chuir sibh cúrsa den scoth ar fáil."**

## Cén Uair / Amchlár

**Tús** 2:00 I.N., 6/03/26 (Dé hAoine)
**Críoch** 1:00 I.N., 8/03/26 (Dé Domhnaigh)
**Clár Sóisialta** Gach tráthnóna mar chuid den chlár ama

## Lóistín

**Lóistín** Eagraithe go háitiúil

**€295** Íoctha ag an scoil
**€75** Íoctha ag gach múinteoir

**€370 san iomlán**
San áireamh: 2 oíche lóistín, acmhainní teagaisc, iompar le linn an chúrsa, béilí & imeachtaí







Le haghaidh tuilleadh eolais & chun áirithint a dhéanamh: **www.colaistechamuis.ie/cpd**